**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 29

# Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus deontais i gcabhair éagsúla a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid de.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2014, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2013, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €4.46 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 7.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais na gComhaontuithe um Bainistiú Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialuithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach. Tá tuairisciú mionsonraithe míosúil don Choiste Bainistithe, ina gcomhcheanglaítear príomhfhaisnéis airgeadais, i bhfeidhm. Ceadaíonn sin bainistiú éifeachtach aschur, ceadaíonn sé éifeachtúlacht agus cinntíonn sé luach airgid.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- Córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn. Seo cuid den phróiseas pleanála gnó do gach rannóg. Is é cuspóir an chórais ná na rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a bhreacrianú leis na rioscaí sin arbh fhéidir go mbeadh ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu a rialú agus a bhainistiú. Déantar athbhreithniú ar an gCóras Bainistithe Riosca ar bhonn leanúnach
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Liostáileadh dhá chonradh ar luach €146,000 i mo thuairisceán bliantúil, atá riachtanach faoi Chiorclán 40/2002. Bhain conradh amháin (€35,000) le hathfhostú comhairleora le leanúnachas gnó a chinntiú maidir le cás práinneach gnó agus bhain an ceann eile (€111,000) le húsáid saineolais theicniúil ar leith soláthróra.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

31 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Tuairisciú ar ghnéithe a eascraíonn as iniúchadh***

Pléann Caibidil 13 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2014 le forbairt Eircode, an Tionscadal Náisiúnta Postchóid.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Meán Fómhair 2015

# Vote 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | 51,673 | 45,902 | 22,553 |
| B | Craoladh | | 243,492 | 239,533 | 242,046 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 81,076 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,500 | 89,576 | 86,477 | 74,774 |
| D | Acmhainní Nádúrtha | | 27,142 | 24,621 | 22,536 |
| E | Iascaigh Intíre | | 28,123 | 28,210 | 31,755 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 431,506 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,500 | **440,006** | **424,743** | **393,664** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | **237,000** | **230,796** | **237,231** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 194,506 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,500 | | | |
| | | | **203,006** | **193,947** | **156,433** |

**Farasbarr le tabhairt ar ais**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an suim a cuireadh i bhfeidhm á thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 9,058,571 | 27,361,725 |
| Géilleadh iarchurtha | (4,600,000) | (8,500,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,458,571 | 18,861,725 |

**Anailís de chaiteachas riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 15,351 | 14,822 | 14,825 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 583 | 445 | 415 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 757 | 559 | 606 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 529 | 379 | 386 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 3,400 | 2,459 | 2,840 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 732 | 672 | 678 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithniú ar bheartas | 1,895 | 1,829 | 1,273 |
| viii | Fearas, stór agus cothabháil | 591 | 106 | 102 |
| *ix* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *504* |
| | | 23,838 | 21,271 | 21,629 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 403,473 | 372,035 |
| Tuarastal | | 14,822 | 15,002 |
| Caiteachas eile | | 6,448 | 6,627 |
| **Ollchaiteachas** | | **424,743** | **393,664** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **230,796** | **237,231** |
| **Glanchaiteachas** | | **193,947** | **156,433** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (260) | | |
| Dímheas | 1,439 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | 1,180 | 805 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgead tirim | | — | (1) |
| **Athruithe ar Ghlanshóchmhainní Reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe dúnta | (907) | | |
| Laghdú ar stoc | 20 | | |
| | | (887) | (96) |
| **Caiteachas díreach** | | **194,240** | **157,141** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 12,635 | 13,144 |
| Cíosanna barúlacha | | 1,286 | 3,253 |
| **Glanchostas an chláir** | | **208,161** | **173,538** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 29 atá curtha chun dochair áit eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | 53 | 73 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 8,588 | 8,700 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,931 | 4,329 |
| Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla | 12 | — |
| Príomhchiste – Pinsin Airí | 51 | 42 |
| | **12,635** | **13,144** |

## 2 Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,380 | 4,560 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | — | 27 |
| | | **3,380** | **4,587** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 11,042 | 13,255 |
| Stoic | 2.5 | 209 | 229 |
| Réamhíocaíochtaí | | 727 | 112 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 1,704 | 800 |
| Iarmhéid dochair eile | 2.7 | 421 | 138 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **14,103** | **14,534** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,100 | 387 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 5,010 | 1,857 |
| Glandliteanas don státchiste | 2.9 | 6,453 | 11,536 |
| Ioncam iarchurtha | | — | 101 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **12,563** | **13,881** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,540** | **653** |
| **Glansócmhainní** | | **4,920** | **5,240** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Chuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **4,920** | **5,240** |

| **2.1 Chuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 5,240 | 5,948 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 203,006 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (4,600) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (4,459) | | |
| Vóta glan | | | 193,947 | 156,433 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 12,635 | 13,144 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,286 | 3,253 |
| Coigeartuithe | | | (27) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (208,161) | (173,538) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **4,920** | **5,240** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Fearas oifige agus TE | Fearas speisialtachta agus feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costa nó luacháil ar 1 Eanáir 2014 | 859 | 1,203 | 20,412 | 3,956 | 26,430 |
| Breiseanna | — | 26 | 221 | 18 | 265 |
| Diúscairtí | — | — | (84) | (9) | (93) |
| Coigeartuithe | — | (3) | (2) | — | (5) |
| Costa nó luacháil ar 31 Nollaig 2014 | 859 | 1,226 | 20,547 | 3,965 | 26,597 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2014 | — | 1,140 | 17,459 | 3,271 | 21,870 |
| Dímheas don bhliain | — | 24 | 1,260 | 155 | 1,439 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (83) | (9) | (92) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2014 | — | 1,164 | 18,636 | 3,417 | 23,217 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2014** | **859** | **62** | **1,911** | **548** | **3,380** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2013** | **859** | **63** | **2,953** | **685** | **4,560** |

Níl na hiascaigh seo san áireamh i sócmhainní caipitil ach is leis an Aire iad agus tá siad faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann.

i Gaillimh
ii Abhainn Fhia/Abhainn tSochair, Co Dhún na nGall

Baineann Talamh agus Foirgnimh le stua siopadóireachta, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Anraí.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Líonraí Achar Cathrach (MANanna), arbh iad údaráis áitiúla áirithe i gcomhar le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chuir maoiniú ar fáil dóibh. Níor aithníodh an leas sin mar shócmhainn sa Ráiteas faoi na Sócmhainní Caipitil.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

ar an 31 Nollaig

| | Feidhmchláir agus taighde ríomhaireachta |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna á dtabhairt ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2014 | 27 |
| Coigeartú[a] | (22) |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | (5) |
| Méideanna a tógadh ar aghaidh ar 31 Nollaig 2014 | — |

[a] Baineann an coigeartú seo le cothabháil chóras TE a forbraíodh ag an Roinn.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 11,042 | 13,255 |
| | 11,042 | 13,255 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Trealamh TF agus páipéarachas | 8 | 25 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 192 | 197 |
| Stáiseanóireacht | 9 | 7 |
| | 209 | 229 |

**2.6 Ioncam Fabhraithe**

Baineann cuid mhór den ioncam fabhraithe de €1.7 milliún le sonraisc a eisíodh i R4 ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an Rannóg Gnóthaí Taiscéalaíochta, Mianadóireachta agus Peitriliam, sonraisc nár íocadh go dtí 2015.

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Aisíoc ÁSPC dlite ón Stát | 1 | 1 |
| Fionraí tuarastail | 299 | — |
| Eile | 121 | 137 |
| | 421 | 138 |

| **2.8 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 2,077 | 162 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | — |
| Cáin Bhreisluacha | 1,464 | 264 |
| Fáltais Státchiste sa Bhreis | 8 | 132 |
| ÍMAT/ÁSPC | 335 | — |
| | 3,884 | 558 |
| Fionraí | 1,126 | 1,299 |
| | 5,010 | 1,857 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,459 | 18,862 |
| Géilleadh iarchurtha | 4,600 | 8,500 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (2,606) | (15,826) |
| Glandliteanas don Státchiste | 6,453 | 11,536 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,042 | 13,255 |
| Iarmhéideanna dochair fionraí | 420 | 137 |
| Dlite ón Stát | 1 | 1 |
| | 11,463 | 13,393 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,884) | (558) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,126) | (1,299) |
| | (5,010) | (1,857) |
| | | |
| | 6,453 | 11,536 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| (i) Fotheidil soláthair | 28,834 | 50,876 |
| (ii) Fotheidil deontais | 161,533 | 108,524 |
| | 190,367 | 159,400 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| | 2014 | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas go dtí 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán an Tionscadail** | **Iomlán an Tionscadail** |
| **Tionscadal:** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cláir TFC | 261,108 | 29,379 | 22,725 | 313,212 | 303,370 |
| Forbairtí ilmheán | 33,682 | 5,003 | 18,080 | 56,765 | 47,732 |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 212,858 | 57,466 | 12,044 | 282,368 | 223,355 |
| Cláir taighde um fhuinneamh | 21,785 | 8,899 | 6,237 | 36,921 | 22,463 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 11,263 | 865 | 3,735 | 15,863 | 14,593 |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 14,615 | 2,264 | 5,850 | 22,729 | 21,349 |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 29,606 | 3,047 | 9,000 | 41,653 | 38,606 |
| Tellus | — | 2,073 | 2,000 | 4,073 | — |
| Teilifis na Gaelige (TG4) | 7,065 | 1,533 | 167 | 8,765 | 11,358 |
| | 591,982 | 110,529 | 79,838 | 782,349 | 682,826 |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais do 2014 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais orthu atá ceangailteach ó thaobh an dlí sa todhchaí.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2013 agus 2014.

| **Tionscadal** | **Méid an mhéadaithe €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Cláir TFC | 9,842 | Bhí mar thoradh ar leanúint ar aghaidh leis na cláir ar feadh bliana eile ceangaltais bhreise. |
| Forbairtí Ilmheán | 9,033 | Ceangaltais mhéadaithe mar gheall ar infheistíocht bhreise sa Mhol Digiteach agus i Sochaí na Faisnéise Méadaithe/i Scéim Dhearbháin Trádála ar Líne eInclusion. |
| Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe | 59,013 | Ceangaltais bhreise ar luach €12 milliún faoi na Scéimeanna Deontais Fuinnimh Níos Fearr do 2015. |

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Fhuinneamh | 14,458 | Soláthraíodh €6.2 milliún breise i 2015/2016 faoi na cláir thaighde fuinnimh leanúnacha. |
| Seirbhísí Mianadóireachta | 1,270 | Ceangaltais mhéadaithe chonartha i dtaca le Suíomh Mhianach Abhóca agus le clár leasúcháin Bhéal Átha Gabhann. |
| Tionscnaimh Gheo-eolaíochta | 1,380 | Ceangaltais bhreise ar fiú €1.3 milliún iad in 2018 mar chuid den chlár leanúnach Geo-eolaíochta. |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 3,047 | Ceangaltais bhreise le haghaidh mapála amuigh ar an bhfarraige mar chuid de mhaoiniú €15 milliún do Chlár INFOMAR (an Clár Náisiúnta Mapála Mara) don tréimhse 2014 go 2018. |
| Tellus | 4,073 | Ceangaltas breise a d'éirigh as an gcinneadh suirbhéireacht réigiúnach gheolaíochta Tellus a leathnú amach go contaetha na Gaillimhe, Ros Comáin, an Longfoirt agus na hIarmhí. |

### 2.11 Fheabhsúchán Talún

**Suíomh Mhianach Abhóca**

Tá €3 mhilliún leithdháilte ag an Rialtas chun dul i ngleic le ceisteanna riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ag suíomh mhianach Abhóca thar thréimhse trí bliana ó 2014 go 2016. Ceapadh conraitheoir i mí na Nollag 2013 ar feadh trí bliana chun sainseirbhísí deartha, soláthair agus bainistithe tionscadail a sholáthar chun an tionscadal seo, a théann i ngleic leis na hoibreacha tosaíochta sláinte poiblí agus sábháilteachta, a mhaoirsiú. Tugadh faoi chéad chéim deartha agus oibreacha pleanála i 2014 chomh maith le haischur chlaífort an iarnróid a thrasnaíonn an t-iarláithreán mianadóireachta, ar chostas iomlán de €0.865 milliún. Déantar soláthar do shuim de €1.085 milliún do 2015 le Céim a Dó de na hoibreacha a chur i gcrích de réir an chláir faoi chonradh. Caithfear an t-iarmhéid den leithdháileadh €3.0 milliún i 2016, rud a thabharfaidh na hoibreacha a mhaoinítear ag an leithdháileadh seo chun críche.

**Béal Átha Gabhann**

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar shé shuíomh mianaigh i mBéal Átha Gabhann ó 2007 go 2011 agus táthar réidh leis an tionscadal seo, a bheag nó a mhór, go dtí go mbeidh acmhainní ar fáil don chéim dheiridh. Tá foráil €400,000 déanta do 2015 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athruithe ar an suíomh a bhrath. Meastar go mbeidh an fhoráil sin i leith teagmhas riachtanach fós sna blianta atá romhainn.

**Monatóireacht comhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann**

Chosain monatóireacht speisialaithe riachtanach €171,000 i 2013: €143,000 i 2014 agus meastar go mbeidh costas €150,000 uirthi i 2015. Meastar go dteastóidh méid breise de €160,000 do gach bliain ó 2016 go 2018 chomh maith, i dtaca le monatóireacht leanúnach na láithreán in Abhóca agus sna Mianaigh Airgid, nó go dtí go mbaintear lánfheabhsúchán amach.

### 2.12 Dliteanas Teagmhasach

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith ann in 2015 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht.  Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Cumarsáid** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 3,891 | 3,758 | 3,847 |
| A.2. | Riarachán - neamh-phá | 2,627 | 2,107 | 2,232 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta eolais agus cumarsáide | 32,001 | 31,770 | 8,404 |
| A.4 | Forbairtí Ilmheán | 5,800 | 6,123 | 5,868 |
| A.5 | Sochaí eolais | 6,852 | 2,144 | 2,202 |
| A.6 | Ciste do Bhainistíocht Athruithe do chomhlachtaí neamh-thráchtála maoinithe ag an Roinn | 1 | — | — |
| A.7 | Seirbhísí Eile | 501 | — | — |
| | | **51,673** | **45,902** | **22,553** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár A €5.77 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) nó soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Forbairtí ilmheán | (323) | Caiteachas breise a tabhaíodh chun a chinntiú go raibh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag teacht le Fógra Curtha i gContúirt a d'eisigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| Sochaí faisnéise | 4,708 | Níor cuireadh tús le Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne go náisiúnta go dtí mí Iúil 2014. Tá an caiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil, rud a léiríonn go bhfuil am ag teastáil ó chomhlachtaí chun láithreacht shuntasach ar líne a bhunú sula dtiocfaidh íocaíochtaí isteach. Fáth eile a bhfuil an caiteachas níos lú is ea an cinneadh an scéim a chur chun cinn ar bhonn áitiúil seachas trí fheachtas náisiúnta feasachta. Tugadh €3.6 milliún den leithdháileadh caipitil neamhchaite ar aghaidh go 2015. |
| Seirbhísí eile | 501 | Bhí coigilteas ann mar ní raibh an ciste teagmhais caipitil ag teastáil. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Craoladh** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 860 | 830 | 830 |
| B.2 | Riarachán - neamh-phá | 464 | 373 | 365 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin (deontas i gcabhair) | 181,074 | 178,828 | 181,538 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 12,457 | 11,063 | 11,244 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge (deontas-i-gcabhair) | 34,283 | 34,283 | 33,670 |
| B.6 | Ciste Craolacháin | 14,354 | 14,156 | 14,399 |
| B.7 | Deontais do theilifís dhigiteach thrastíre | — | — | — |
| | | **243,492** | **239,533** | **242,046** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár B €3.96 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) nó soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin (deontas i gcabhair) | 2,246 | Tá íocaíochtaí deontais do RTÉ neodrach ó thaobh na vótaí de, agus bíonn siad ag brath ar ioncam ó dhíolachán ceadúnas teilifíse, ioncam a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú | 1,394 | Tá na híocaíochtaí seo neodrach ó thaobh an vóta de agus tá siad bunaithe ar ioncam ó dhíol ceadúnas teilifíse; bhí an t-ioncam sin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |

| | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Fuinneamh** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,165 | 4,021 | 4,111 |
| C.2 | Riarachán - neamh-phá | | 1,807 | 1,456 | 1,573 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta (deontas i gcabhair) | | 7,555 | 6,996 | 6,936 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgead tirim) | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 56,237 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,500 | 64,737 | 63,802 | 56,937 |
| C.5 | Cláir taighde fuinnimh (teoranta d'airgead tirim) | | 11,040 | 10,021 | 5,048 |
| C.6 | Infreastruchtúr straitéiseach fuinnimh | | — | — | — |
| C.7 | Seirbhísí gáis | | 32 | 31 | 32 |
| C.8 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 240 | 150 | 137 |
| | | | **89,576** | **86,477** | **74,774** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár C €3.10 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) nó soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta (deontas i gcabhair) | 559 | Coigilteas as costas an phárolla. |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgead tirim) | 935 | Tá na scéimeanna a mhaoinítear faoin bhfotheideal seo bunaithe ar éileamh agus baineann siad go príomha leis an gcaiteachas ar an gClár Aisfheistithe/um Fhuinneamh Níos Fearr a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |
| Cláir taighde fuinnimh (teoranta d'airgead tirim) | 1,019 | Fuarthas níos lú iarratas oiriúnach ar mhaoiniú, agus bhí de thoradh air sin caiteachas iomlán níos ísle. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Acmhainní Nádúrtha** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 5,552 | 5,361 | 5,362 |
| D.2 | Riarachán - neamh-phá | 3,190 | 2,193 | 2,143 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | 641 | 374 | 280 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 3,685 | 1,302 | 1,088 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 540 | 572 | 632 |
| D.6 | Tionscnaimh gheo-eolaíochta | 2,984 | 4,336 | 2,337 |
| D.7 | An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 3,000 | 3,048 | 3,036 |
| D.8 | Suirbhé Ordanáis na hÉireann (deontas i gcabhair) | 7,415 | 7,315 | 7,515 |
| D.9 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 120 | 143 |
| | | **27,142** | **24,621** | **22,536** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár D €2.52 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Fotheideal** | **Níos lú/(níos mó) nó soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 997 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leantacha na Roinne caiteachas riaracháin a laghdú agus luach níos fearr ó úsáid mhéadaithe na gcreat-chomhaontuithe OSR. |
| Seirbhísí peitriliam | 267 | Coigilteas mar gheall ar chaiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil ag Grúpa Tacaíochta an Bhonneagair Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 2,383 | Coigilteas mar gheall ar na rudaí seo a leanas: (1) ráta na hastarraingthe ag na comhlachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil, agus moill ó thaobh cúrsaí dlí de chun éilimh neamhréitithe a réiteach (2) moill ar thalamh a fháil mar chuid de thionscadal athchóirithe Bhéal Átha Gabhann. |
| Tionscnaimh gheo-eolaíochta | (1,352) | Caiteachas breise ceadaithe leis an gcéad chéim eile de Thionscadal Tellus a dhéanamh, Tellus sa Lár-Réigiún Thuaidh. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Iascaigh Intíre** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 883 | 852 | 852 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 399 | 320 | 314 |
| E.3 | Iascaigh Intíre | 26,841 | 27,038 | 30,589 |
| | | **28,123** | **28,210** | **31,755** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú i gcás gach ceannteidil nuair ba mhó ná €100,000 agus 5% an difríocht idir an méid a measadh agus an toradh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin). Níor chomhlíon aon toradh sa chlár seo na critéir sin in 2014, áfach.

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair** | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó fhíneálacha de bharr choireanna iascaireachta | 50 | 19 | 34 |
| 2. | Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960. | 11,550 | 9,400 | 11,359 |
| 3. | Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 297 | 227 |
| 4. | Táillí ceadúnais chraolacháin | 217,130 | 213,293 | 216,426 |
| 5. | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 415 | 1,081 | 1,809 |
| 6. | Cíos ar áitribh an Ard-oifig an Phoist | 223 | 78 | 258 |
| 7. | Seirbhís fhreagartha do ghlaoch éigeandála | 250 | — | — |
| 8. | Ilghnéitheach | 2,888 | 2,831 | 3,093 |
| 9. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 4,057 | 3,797 | 4,025 |
| | **Iomlán** | **237,000** | **230,796** | **237,231** |

| **Ilghnéitheach** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ranníocaíochtaí pinsean ó ghníomhaireachtaí | 961 | 1,010 |
| Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile | 519 | 238 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 260 | 432 |
| Forchúiteamh ón AE do chaiteachas na hUachtaránachta | — | 203 |
| Dleachtanna maidir le Líonraí Achar Cathrach | 1,055 | 760 |
| Aisíocaíocht maidir leis an aistriú digiteach | — | 177 |
| Aisíocaíocht maidir leis an tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | — | 150 |
| Eile | 36 | 123 |
| **Iomlán** | **2,831** | **3,093** |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tá míniú thíos i gcás gach fotheideal nuair ba mhó ná €100,000 agus ná 5% an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960 | 2,150 | Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil mar gheall ar laghdú ar astarraingt mianraí faoi úinéireacht phríobháideach le linn na bliana agus mar gheall ar níos lú iarratas ar cheadúnais. |
| Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 140 | Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil mar gheall ar níos lú ranníocaíochtaí le Grúpa Tacaíochta an Bhonneagair Peitriliam. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | (666) | Bhí na fáltais níos mó ná mar a bhíothas ag súil mar gheall, go príomha, ar Thionscadal Geolaíochta Tellus ar an Teorainn a bheith curtha i gcrích go luath. |
| Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 145 | Bhí an t-ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil mar ní bhfuarthas an cíos a bhí le híoc sa ráithe dheireanach in 2014 go dtí 2015. |
| Seirbhís freagartha glaonna éigeandála | 250 | Tá an tionscadal seo neodrach ó thaobh an Vóta de. Níor tabhaíodh caiteachas ar bith in 2014 agus, dá réir sin, níor aithníodh ioncam ar bith. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 260 | Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil as siocair, go príomha, gur baineadh lá breise pá d'airgead 2015 seachas d'airgead 2014. |

**4.2 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 131 | — |
| Aisíocaíochtaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 135 | 143 |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | (258) | (12) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 8 | 131 |

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon baill foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 245 | 246 |
| Gníomhaireachtaí | 849 | 891 |
| | 1,094 | 1,137 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal | 33,938 | 35,112 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 343 | 307 |
| Liúntais eile | 1,285 | 1,286 |
| Ragobair | 142 | 156 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,853 | 2,861 |
| **Pá iomlán** | **38,561** | **39,722** |

Tagraíonn na socruithe íocaíochta do ghné an phá d'Fhotheidil A1, A4, B1, C1, C3, D1, E1 agus E3.

**5.1 Roinn**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal | 13,822 | 13,966 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 128 | 108 |
| Liúntais eile | 48 | 78 |
| Ragobair | 24 | 62 |
| ÁSPC an fhostóra | 800 | 788 |
| **Pá iomlán** | **14,822** | **15,002** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó le duine amháin | Íocaíocht is mó le duine amháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 12 | 6 | 22,498 | 16,587 |
| Liúntais eile | 28 | — | 5,574 | 13,198 |
| Ragobair | 7 | — | 8,049 | 9,931 |

Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 20,116 | 21,146 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 215 | 199 |
| Liúntais eile | 1,237 | 1,208 |
| Ragobair | 118 | 94 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,053 | 2,073 |
| **Pá iomlán** | **23,739** | **24,720** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon daoine a fuair** | **Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht is mó le duine amháin** | **Íocaíocht is mó le duine amháin** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 34 | 2 | 17,089 | 12,062 |
| Liúntais eile | 342 | — | 6,535 | 9,291 |
| Ragobair | 49 | 2 | 17,637 | 10,588 |

Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

Is iad Iascach Intíre Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus Gníomhaireacht na Lochanna na príomhghníomhaireachtaí atá san áireamh thuas.

Tá suimeanna airgid neamh-Vótáilte san áireamh sna figiúirí i Nóta 5 agus i Nóta 5.2 agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

**5.3 Socruithe Eile Luach Saothair**

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €5,336 le hiarfhostaí i ndáil le sochair scoir a comhaontaíodh.

Athfhostaíodh seachtar oibrithe earnála poiblí a bhí ar scor agus a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu ar bhonn conartha ar chostas iomlán €252,304.

Íocadh scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €69,694 d'iarbhaill d'fhoireann an Aire ar fhoirceannú a bhfostaíochta dóibh.

San iomlán rinneadh ró-íocaíochtaí tuarastail ar luach €14,055 le linn na bliana. Tá socruithe aisghabhála i bhfeidhm.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi Fhotheideal C.4, C.5 agus D.6 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a ndearna Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa comh-mhaoiniú orthu. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus an fíorchaiteachas:

| | 2014 Meastachán | 2014 Caiteachas | 2013 Caiteachas |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| C.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 64,737 | 63,802 | 56,937 |
| C.5 Cláir taighde fuinnimh | 11,040 | 10,021 | 5,048 |
| D. 6 Tionscnaimh gheo-eolaíochta | 2,984 | 4,336 | 2,337 |
| | 78,761 | 78,159 | 64,322 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

Íocadh €24,736 maidir le costais éagsúla a tharla de bharr an Roinn a bheith páirteach i mBinse Fiosraithe Moriarty. Is é €2.047 milliún iomlán na n-íocaíochtaí atá déanta go dtí seo.

### 6.3 Costais Dlí

Is féidir costais dlí a íocadh i rith na bliana a rangú mar seo a leanas:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | 9 | — |
| Costais chúitimh | — | 154 |
| Socraíochtaí | 69 | — |
| | 78 | 154 |

### 6.4 Tabhairt ar Aghaidh go 2015

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn go 2015 €4.6 milliún den chion airgid i leith na ngnéithe caipitil d'Fhotheidil A.5, C.4 agus D.4 nár caitheadh.

### 6.5 Díscríobh

Díscríobhadh an tsuim seo a leanas le linn na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna cuntas fionraí maidir le fiachas stairiúil | 16 | — |

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 8,138 | 8,116 |
| Fáltais | 279 | 295 |
| Íocaíochtaí | (3,212) | (273) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 5,205 | 8,138 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) in 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Rannóg Gnóthaí Peitriliam. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe i measc taisceolaithe agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí i gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán Fhotheideal D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riar ar an chiste.

### 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais | 35,000 | — |
| Infheistíochtaí | (1,097) | — |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 33,903 | — |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2014 faoi fhorálacha i rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (IR 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (a) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (b) forbairt margaidh do bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Sholáthair an Rialtas €35 milliún ó Chiste Ioncaim Tobhaigh Carbóin don EENF agus tá sé tiomanta d'infheistiú an mhéid seo i gCiste Infheisteora Cáilithe (CIC) atá údaraithe agus atá rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit. Déantar ionadaíocht don Aire, in éineacht le hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha faoi fheidhmíocht an CIC.